

GAELSCOIL EOGHAIN UÍ THUAIRISC

Polasaí Dháileadh Leighis

Cé go bhfuil cúram ar Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc maidir le sláinte agus slándáil na ndaltaí agus iad i mbun ghníomhachtaí ceadaithe scoile dóibh, ní thuigtear leis sin go bhfuil dualgas pearsanta ar mhúinteoirí maidir le dáileadh leighis.

Iarrann an Bord Bainistíochta ar thuismitheoirí a chur in iúl i scríbhinn don scoil má tá riocht leighis ag a bpáiste a d'fhéadfadh an páiste féin nó páistí eile a chur i mbaol sláinte. Ba chóir go mbeadh an t-eolas seo cláraithe go soléir ar an bhfoirm Eoláis/Foirm Chlárúcháin a bhíonn líonta agus seolta ar ais chun na scoile ar chlárú a bpáiste do na thuismitheoirí. Dá dtarlódh gur bhuaill riocht leighis an páiste ina dhiaidh sin, ba chóir go gcuirfeadh na thuismitheoirí an scoil ar an eolas faoi, i scríbhinn.

Ní stórálfar nó ní dháilfear leigheas gan oideas dochtúra do dhaltaí ar scoil.

Más mian le thuismitheoir go nglacfadh a p(h)áiste leigheas gan oideas dochtúra m.sh. Calpol, i rith an lae scoile, tá cead aige/aici teacht ar scoil chun a leigheas sin a dháileadh.

Ní dháilfear leigheas le hoideas dochtúra sa scoil gan chead scríofa ó na thuismitheoirí agus gan chead ar leith ón mBord Bainistíochta. Ba chóir go scríobhfadh thuismitheoir an dalta chun an Bhoird ag iarraidh ar an mBord cead a thabhairt do bhall na foirne teagaisc an leigheas a dháileadh.

Ní féidir iachall ar chur ar bhall foirne ar bith leigheas a dháileadh ar pháiste. Ní cóir do bhall foirne leigheas a dháileadh gan cead faoi leith ón mBord Bainistíochta.

Tar éis don Bhord Bainistíochta an cás a chur faoi chaibidil, d'fhéadfaí go dtabharfaidís cead do bhall foirne an leigheas a dháileadh ar dhalta. Má thugtar an cead sin do bhall foirne, ba chóir go gcuirfí eolas ceart ar fáil dóibh maidir le dáileadh an leighis.

Más féidir, ba chóir go n-eagródh dochtúir an pháiste go ndéanfaí an dáileadh leighis lasmuigh d'uaireanta scoile.

Ba chóir go ndéanfadh an dalta an leigheas a dháileadh orthu féin más féidir, agus feitheoireacht á dhéanamh orthu ag an mball foirne a bhfuil iarrtha orthu a leithéid a dhéanamh. Muna bhfuil sé ar chumas an dalta an leigheas a dháileadh orthu féin, tá sé de dhualgas ar an thuismitheoir/caomhnóir deimhin a dhéanamh de go bhfuil an méid ceart leighis curtha ar fáil.

Agus feitheoireacht á dhéanamh ar dhalta a bhfuil an leigheas á dháileadh acu orthu féin, ba chóir go gcuirfeadh an ball foirne an cúram céanna agus a chuirfeadh thuismitheoir réasúnta agus ciallmhar ar fáil.

Ní cóir go mbeadh an leigheas á choiméad ag an dalta ach i gcófra faoi ghlas in oifig an rúnaí. Ba chóir go mbeadh leigheas áirithe m.sh. análóir dóibh siúd ar a bhfuil asma, ar fáil gan stró i rith an lae scoile, le ceann breise in oifig an rúnaí.

Ba chóir go gcoiméadfaí cúntas scríofa ar dháta agus am ar a raibh an dáileadh leighis (le hoideas).

Tá gá sonraí scríofa ó na tuismitheoirí chun an Bhoird Bhainistíochta leis an eolas seo a leanas:

- Ainm iomlán agus seoladh an pháiste
- Ainm an leighis atá le dáileadh
- Méid an leighis atá le dáileadh
- An méid go beacht agus an t-am go beacht ag an ndáilfear an leigheas
- Má tá an páiste féin freagrach as dáileadh a leighis nó
- Na coinníolacha ina dtabharfaidh ball foirne leigheas
- Gach uimhir ghutháin don tuismitheoir/caomhnóir
- Dearbhú go bhfuil cead an leigheas a dháileadh
- Síniú an tuismitheora/chaomhnóra

Má tá riocht ar an bpáiste a d'fhéadfadh a b(h)eatha a chur i mbaol, ní mór don tuismitheoir a léiriú go beacht, i scríbhinn, cad iad na rudaí gur féidir agus nach féidir a dhéanamh i gcás éigeandála maidir le dáileadh leighis le hoideas sa scoil.

Ba chóir do na tuismitheoirí freagracht dleathiúl a bhaint den mBord Bainistíochta agus de bhaill na foirne ceadaithe maidir le dliteanas ar bith a d'fhéadfadh teacht ó dháileadh leighis le hoideas dochtúra ar scoil. Cuirfidh an Bord Bainistíochta comhalacht árachais na scoile ar an eolas faoi, dá réir.

Nuair atá cead tugtha ag an mBord Bainistíochta maidir le dáileadh leighis, ba chóir go dtabharfadh na tuismitheoirí an méid is lú leighis gur féidir chun na scoile, le sonraí beachta maidir lena dháileadh, maraon le hainm an dalta.

Má thagann athrú ar bith ar leigheas le hoideas dochtúra, nó le méid an leighis sin, ba chóir go gcuirfí an t-eolas seo ar fáil i scríbhinn don scoil gan mhoill chomh maith le treoracha beachta scríofa maidir le gnáthaimh stórála agus dháileadh an leighis nua.

I gcásanna éigeandála, cuirfear fios ar chúnamh cáilithe leighis a luaithe agus is féidir.

Ba chóir go dtógfadh tuismitheoirí orthu féin na gnáthaimh seo a thuiscint go soiléir roimh iarratas a chur chuig an Bord Bainistíochta.

